AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2013
COM(2013) 192 final

2013/0103 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad agus Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad

{SWD(2013) 105 final}
{SWD(2013) 106 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo le leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ("an bunrialachán frithdhumpála") agus Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ("an bunrialachán frith-fhóirdheontais"). Ag cur i gcuntas nach ndearnadh athbhreithniú suntasach ar na Rialacháin seo ó cuireadh Babhta Uragua i gcrích in 1995 agus ag cur conclúidí an staidéir meastóireachta a rinneadh maidir le feidhmiú na n-ionstraimí sin san áireamh, tá sé beartaithe na hionstraimí a nuashonrú agus a nuachóiriú.

Comhthéacs ginearálta

Déantar foráil in Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, *inter alia*, maidir le bearta atá le bunú chun trádáil a chosaint amhail na bearta sin atá le cur i bhfeidhm i gcás dumpála nó fóirdheontas.

Forálacha atá ann cheana i réimse an togra

Na Rialacháin thuasluaite ón gComhairle.

Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais

Níl aon choimhlint le haon bheartas ná le haon chuspóir de chuid an Aontais.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

Tugadh deis do pháirtithe leasmhara ar bhain an togra seo leo páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí a reáchtáladh idir Aibreán agus Iúil 2012. Tá achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí le fáil ar shuíomh gréasáin AS na Trádála ó Dheireadh Fómhair 2012.

Bailiú agus úsáid saineolais

Cuireadh staidéar meastóireachta ar fheidhmiú ionstraimí frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais an AE i gcrích ag tús 2012 agus tá torthaí an staidéir le fáil ar shuíomh gréasáin AS na Trádála ó shin.

Measúnú Tionchair

Le haird ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí, an staidéir meastóireachta agus ar chleachtas fairsing an Choimisiúin in úsáid ionstraimí, rinneadh measúnú tionchair i bhfómhar 2012. Aithníodh sa tuarascáil ar an measúnú tionchair fadhbanna a bhaineann le feidhmiú na n-ionstraimí cosanta trádála agus moladh inti roinnt réiteach éagsúil. Rinne an Bord um Measúnú Tionchair an tuarascáil a mheas i mí na Nollag 2012 agus thug sé tuairim fhabhrach faoi réir roinnt athbhreithnithe a dhéanamh ar an tuarascáil. Tá athbhreithniú déanta ar an tuarascáil agus críoch curtha léi ó shin. Is iad na réitigh tosaíochta bunús an togra seo.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe

Tá sé beartaithe na bunrialacháin frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a leasú d'fhonn iad a fheabhsú i roinnt réimsí. Maidir le trédhearcacht agus intuarthacht, déanfar iad a fheabhsú

trína áirithiú go gcuirfear páirtithe leasmhara ar an eolas coicís roimh fhorchur na mbeart sealadach go bhfuil a leithéid sin de bheart le forchur. Tabharfar ráthaíocht do pháirtithe freisin nach ndéanfar na bearta a fhorchur laistigh den tréimhse coicíse sin. Seolfar achoimre den bhunús ar a bhfuil sé beartaithe na bearta a fhorchur chuig páirtithe leasmhara agus beidh deis acu a dtuairimí a thabhairt maidir le ríomh na gcorrlach dumpála agus díobhála. Os a choinne sin, nuair a chinnfear nach bhfuil bearta sealadacha le forchur ach go bhfuiltear le leanúint leis an imscrúdú, cuirfear in iúl do pháirtithe leasmhara, coicís roimh dháta deiridh an fhorchuir, go bhfuil sé beartaithe gan a leithéid de bhearta a fhorchur.

I ndáil le bagairtí frithbheartaíochta i gcoinne tháirgeoirí an Aontais atá ag smaoineamh ar ghearán frithdhumpála agus/nó frith-fhóirdheontais a dhéanamh, measfar gurb ionann na bagairtí sin agus cúinsí speisialta agus bonn le hoscailt *ex-officio* imscrúdaithe a bheidh ann. Chomh maith leis sin, i gcás ina n-osclófar imscrúduithe ar *bhonn* ex-officio, tá sé beartaithe dualgas a chur ar tháirgeoirí an Aontais comhoibriú le reáchtáil an imeachta.

I ndáil le héifeachtacht na n-ionstraimí, tá sé beartaithe deireadh a chur le riail na dleachta níos lú i gcás imchéimnithe, nó i gcás ina n-aimsítear saobhadh struchtúrtha amhábhair, agus i gcás fóirdheonaithe. I ndáil le hathbhreithnithe, tá sé beartaithe dleachtanna a bailíodh le linn imscrúdaithe ar athbhreithniú maidir le dul in éag arna thabhairt chun críche trí aisghairm na mbeart, a aisíoc.

Ar deireadh, tá roinnt réimsí a bhfuil sé beartaithe cleachtais áirithe a bhaineann leo a chódú, cleachtais a eascraíonn as rialuithe Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (CBE) nó na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) atá tugtha anuas le blianta beaga anuas. Baineann siad sin leis an sainmhíniú ar thionscal an Aontais, na hiarmhairtí do tháirgeoirí onnmhairithe nach bhfuil, de réir imscrúdú bunaidh, ag dumpáil nó atá ag dumpáil ag leibhéil *de-minimis*, déileáil le himthosca athraithe in imscrúdú ar athbhreithniú, láimhseáil cuideachtaí gaolmhara in imscrúduithe frith-imchéimnithe, na coinníollacha a bhaineann le hallmhairí a chlárú agus an bunús le sampla de tháirgeoirí an Aontais a roghnú.

Bunús dlí

Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Prionsabal na coimhdeachta

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais. Níl feidhm le prionsabal na coimhdeachta dá bhrí sin.

Prionsabal na comhréireachta

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas:

Tá cur síos déanta ar fhoirm na gníomhaíochta sna Bunrialacháin thuasluaite agus níl aon scóip ann do chinntí náisiúnta.

Ní bheidh aon ualach breise airgeadais ná riaracháin ar an Aontas, ar rialtais náisiúnta, ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ar oibreoirí eacnamaíocha ná ar shaoránaigh. Mar sin féin, is iad na húdaráis náisiúnta chustaim a bheidh ag déileáil le haisíocaíocht dleachtanna arna mbailiú le linn athbhreithniú leanúnach maidir le dul in éag, mura mbíonn fadú beart mar thoradh ar an athbhreithniú sin maidir le dul in éag. Meastar nach mbeidh an t-ualach oibre breise ar údaráis chustaim suntasach agus go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóir an togra, i.e. cothroime na n-ionstraimí a mhéadú.

Nuair nach gcuirfear riail na dleachta níos lú i bhfeidhm i gcásanna imchéimnithe, nó i gcás saofa struchtúrtha amhábhair, nó i gcás fóirdheontais, beidh sé i gcomhréir leis an ngá breise trádáil a chosaint sna cásanna sin.

Rogha ionstraimí

Ionstraimí beartaithe: Rialachán.

Ní bheadh modhanna eile fónta ar an gcúis (na cúiseanna) seo a leanas:

Ní dhéantar foráil sna Bunrialacháin thuasluaite do roghanna malartacha.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Beidh impleachtaí ag an togra do bhuiséad an Aontais. I gcásanna áirithe beidh neamhchur i bhfeidhm riail na dleachta níos lú in imthosca áirithe mar bhonn le leibhéil dleachtanna níos airde agus, dá réir sin, beidh sé mar bhonn le hioncam a fheabhsú. Is ionann aisíocaíocht na ndleachtanna i gcásanna ina ndéantar bearta a fhoirceannadh i ndiaidh athbhreithnithe maidir le dul in éag agus costas do bhuiséad an Aontais. Baineann fíordheacracht le cainníochtú ó tharla go mbraitheann aon ioncam nó aon chostas ar imthosca gach cáis aonair.

Beidh roinnt athruithe cleachtais san áireamh sna hathruithe reachtacha atá beartaithe freisin. Ní bheidh aon impleachtaí buiséadacha luaite leo sin ach beidh athruithe ar na gnáthaimh oibre mar bhonn leo (e.g.: réamhnochtadh, réamhfhógra, doiciméad achomair). Beidh tionchar ag uasghrádú na deisce cabhraí do FBManna (mínithe sa teachtaireacht) ar acmhainní. Féach ar an ráiteas airgeadais simplithe atá i gceangal leis seo.

5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

Neamhbhainteach.

2013/0103 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad agus Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach[1] iad agus i Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad, tá rialacha coiteanna maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte agus allmhairí fóirdheontais faoi seach ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad[2] (dá ngairfear na 'Rialacháin' anseo feasta). Glacadh na Rialacháin sin ar dtús in 1995 i ndiaidh Bhabhta Uragua a thabhairt i gcrích. Ó tharla roinnt leasuithe a bheith déanta ar na Rialacháin ó shin i leith, in 2009 chinn an Chomhairle na rialacháin a chódú ar mhaithe le soiléireacht agus réasúntacht.

(2) Cé go ndearnadh leasuithe ar na Rialacháin, ní dhearnadh athbhreithniú ó bhonn ar fheidhmiú na n-ionstraimí sin ó 1995. Dá thoradh sin, chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar na Rialacháin in 2011 d'fhonn, *inter alia*, léargas níos fearr a thabhairt ar riachtanais ghnó ag tús an 21ú aois.

(3) I ndiaidh an athbhreithnithe, ba cheart forálacha áirithe na Rialachán a leasú d’fhonn trédhearcacht agus intuarthacht a fheabhsú, foráil a dhéanamh maidir le bearta éifeachtacha a sholáthar chun frithbheartaíocht a chomhrac, éifeachtacht

[1] IO L 343, 22.12.2009, lch. 51.
[2] IO L 188, 18.7.2009, lch. 93.

agus forfheidhmiú a fheabhsú agus cleachtas athbhreithnithe a bharrfheabhsú. Ina theannta sin, ba cheart cleachtais áirithe a cuireadh i bhfeidhm le blianta beaga anuas i gcomhthéacs na n-imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a áireamh sna Rialacháin.

(4) Chun trédhearcacht agus intuarthacht na n-imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a fheabhsú, ba cheart na páirtithe a mbeidh tionchar ag forchur na mbeart sealadach frithdhumpála agus frithchúitimh orthu, allmhaireoirí go háirithe, a chur ar an eolas faoi fhorchur in aicearracht na mbeart sin. Ba cheart go bhfreagródh an méid ama a thugtar don tréimhse idir an uair a chuirtear an dréachtghníomh cur chun feidhme faoi bhráid an choiste frithdhumpála arna bhunú de bhun Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus an choiste frith-fhóirdheontais arna bhunú de bhun Airteagal 25 de Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 agus glacadh an ghnímh sin ag an gCoimisiún. Socraítear an tréimhse sin in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.Chomh maith leis sin, i ndáil le himscrúduithe nach bhfuil sé oiriúnach bearta sealadacha a fhorchur ina leith, tá sé inmhianaithe go dtuigeann páirtithe roimh ré go bhfuil a leithéid sin de neamh-fhorchur i gceist.

(5) Ba cheart tréimhse ghearr a thabhairt d'onnmhaireoirí nó do tháirgeoirí roimh fhorchur na mbeart sealadach chun deis a thabhairt dóibh ríomh a gcorrlaigh aonair dumpála nó fóirdheontais a sheiceáil. D'fhéadfaí botúin sa ríomh a cheartú ansin roimh na bearta a fhorchur.

(6) Chun bearta éifeachtacha a áirithiú d'fhonn frithbheartaíocht a chomhrac, ba cheart go mbeadh táirgeoirí an Aontais in ann brath ar na Rialacháin gan bagairtí frithbheartaíochta ó thríú páirtithe. Déantar foráil sna forálacha atá ann faoi láthair, faoi chúinsí speisialta, maidir le himscrúdú a thionscamh gan gearán a fháil, i gcás ina bhfuil dóthain fianaise ann i ndáil le dumpáil, fóirdheontais in-fhrithchúitithe, agus nasc idir díobháil agus cúis. Ba cheart bagairtí frithbheartaíochta a áireamh sna cúinsí speisialta sin.

(7) I gcás nach é gearán is cúis le himscrúdú a thionscnamh, ba cheart oibleagáid a fhorchur ar tháirgeoirí an Aontais an fhaisnéis is gá a sholáthar chun leanúint leis an imscrúdú, chun a áirithiú go bhfuil dóthain faisnéise ar fáil chun an t-imscrúdú a dhéanamh i gcás bagairtí frithbheartaíochta.

(8) Tá méadú ag teacht ar a mhéid a chuireann tríú tíortha isteach ar thrádáil amhábhar agus é mar aidhm acu amhábhair a choinneáil sna tíortha sin ar mhaithe le húsáideoirí iartheachtacha baile, mar shampla trí chánacha onnmhairithe a fhorchur nó scéimeanna déphraghsála a reáchtáil. Dá bhrí sin, ní toradh ar oibriú gnáthfhórsaí margaidh lena léirítear soláthar agus éileamh i gcás amhábhair ar leith iad na costais amhábhar. Tuilleadh saofa ar thrádáil atá mar thoradh ar an gcur isteach sin. Dá bhrí sin, ní hamháin go ndéantar díobháil do tháirgeoirí an Aontais de dheasca dumpála, ach cuireann breis saofa ar thrádáil isteach orthu i gcomparáid le táirgeoirí iartheachtacha ó thríú tíortha atá ag gabháil do na cleachtais sin. Chun trádáil a chosaint go leordhóthanach, ní bheidh feidhm ag riail an dleachta níos lú sna cásanna sin ina mbíonn saobhadh struchtúrtha ar amhábhar.

(9) Laistigh den Aontas, tá cosc ar fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i bprionsabal de bhun Airteagal 107(1) den CFAE. Dá bhrí sin, déanann fóirdheontais in-fhrithchúitithe arna ndeonú ag tríú tíortha saobhadh ar thrádáil go háirithe. Tá laghdú tagtha ar mhéid na Státchabhrach arna údarú ag an gCoimisiún de réir a chéile. I gcás na hionstraime frith-fhóirdheontais, níor cheart riail an dleachta níos lú a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin, ar allmhairí ó thír/ó thíortha atá páirteach i bhfóirdheonú.

(10) Chun an cleachtas athbhreithnithe a bharrfheabhsú, ba cheart dleachtanna a bhailítear le linn an imscrúdaithe a aisíoc le hallmhaireoirí, i gcás nach bhfadaítear bearta tar éis an imscrúdú ar athbhreithniú maidir le dul in éag a thabhairt i gcrích. Is iomchuí sin ó tharla go bhfuil sé feicthe nach bhfuil na coinníollacha atá riachtanach le leanúint leis na bearta ann le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(11) Ba cheart cleachtais áirithe a cuireadh i bhfeidhm le blianta beaga anuas i gcomhthéacs na n-imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a áireamh sna Rialacháin.

(12) Níor cheart tionscal an Aontais a shainiú tuilleadh trí thagairt a dhéanamh do na táirsigh tionscnaimh atá leagtha amach sna Rialacháin.

(13) In imscrúduithe tosaigh ina bhfuil corrlaigh dumpála nó fóirdheontais níos lú ná na táirsigh *de minimis*, ba cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh láithreach i ndáil le hallmhaireoirí nach mbeidh faoi réir imscrúduithe ar athbhreithniú ina dhiaidh sin.

(14) Faoi chuimsiú na n-imscrúduithe ar athbhreithniú maidir le frithdhumpáil agus frith-fhóirdheontas, is iomchuí an mhodheolaíocht a athrú i gcomparáid leis an imscrúdú a bhí mar bhonn le forchur an bhirt d'fhonn a áirithiú, *inter alia*, go n-úsáidtear modheolaíochtaí comhleanúnacha le linn imscrúduithe difriúla ag pointe ama ar leith. Leis sin, go háirithe, beidh scóip ann modheolaíochtaí a athrú a athbhreithnítear de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí.

(15) I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ba cheart na hallmhairí i ngach cás a bheith faoi réir clárú.

(16) In imscrúduithe frith-imchéimnithe, bheadh sé inmholta deireadh a chur leis an gcoinníoll, d’fhonn díolúine a fháil ó chlárú nó ó dhleachtanna fadaithe, nár cheart go mbeadh táirgeoirí an táirge i dtrácht gaolta le haon táirgeoir atá faoi réir na mbeart bunaidh. Is amhlaidh atá ó tharla i bhfianaise taithí nach mbíonn táirgeoirí an táirge i gceist páirteach uaireanta i gcleachtais imchéimnithe ach go mbíonn siad gaolta le táirgeoir atá faoi réir na mbeart bunaidh. Ina leithéid sin de chás, níor cheart díolúine a dhiúltú do tháirgeoir ar an bhforás go bhfuil an chuideachta gaolta le táirgeoir atá faoi réir na mbeart bunaidh agus ar an bhforás sin amháin. Chomh maith leis sin, nuair a tharlaíonn an cleachtas imchéimnithe san Aontas, níor cheart gur gné chinniúnach é na allmhaireoirí a bheith gaolta le táirgeoirí atá faoi réir na mbeart agus cinneadh á dhéanamh an bhféadfar díolúine a dheonú ar an allmhaireoir.

(17) I gcás ina bhfuil an líon táirgeoirí san Aontas chomh mór sin nach mór dul i muinín samplála, ba cheart sampla táirgeoirí a roghnú as measc tháirgeoirí uile an Aontais agus ní hamháin as measc na dtáirgeoirí sin a dhéanann an gearán.

(18) Agus measúnú á dhéanamh ar leas an Aontais, ba cheart deis a thabhairt do tháirgeoirí uile an Aontais, agus ní hamháin na táirgeoirí sin a dhéanann gearán, tráchtaí a sholáthar.

(19) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 mar seo a leanas:

1. In Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal tosaigh:

'1. Chun críocha an Rialacháin seo, déanfar an téarma 'tionscal an Aontais' a léirmhíniú mar théarma a thagraíonn do tháirgeoirí táirgí cosúil an Aontais uile nó do na táirgeoirí sin arb ionann aschur comhchoiteann a dtáirgí agus céatadán suntasach de tháirgeadh iomlán an Aontais de na táirgí sin, ach amháin:'

2. Cuirtear mír 10 mar a leanas le hAirteagal 6:

'10. Tá dualgas ar tháirgeoirí táirge cosúil an Aontais comhoibriú in imeachtaí arna dtionscnamh de bhun Airteagal 5(6).'

3. Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

'Ní dhéanfar dleachtanna sealadacha a fhorchur laistigh de thréimhse coicíse i ndiaidh na faisnéise a sheoladh chuig páirtithe leasmhara faoi Airteagal 19a. Beidh soláthar na faisnéise sin gan dochar d'aon chinneadh a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh ina dhiaidh sin.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'Ní rachaidh méid na dleachta sealadaí frithdhumpála thar an gcorrlach dumpála arna bhunú go sealadach. Ach amháin má aimsítear saobhadh struchtúrtha amhábhair i ndáil leis an táirge lena mbaineann sa tír onnmhairithe, ba cheart go mbeadh sé níos lú ná an corrlach dumpála dá mba leor dleacht níos lú chun deireadh a chur le díobháil do thionscal an Aontais.'

4. Leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás imeachta arna thionscnamh de bhun Airteagal 5(9), is gnách go bhféachfar ar dhíobháil mar dhíobháil dhiomaibhseach i gcás inarb ionann na hallmhairí i gceist agus níos lú ná na méideanna atá sonraithe in Airteagal 5(7). I ndáil leis an imeacht céanna, déanfar é a fhoirceannadh láithreach i gcás ina meastar an corrlach dumpála a bheith níos lú ná 2 %, arna chur in iúl mar chéatadán de phraghas na n-onnmhairí.'

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh:

'Ní rachaidh méid na dleachta frithdhumpála thar an gcorrlach dumpála arna bhunú. Ach amháin má aimsítear saobhadh struchtúrtha amhábhair i ndáil leis an táirge lena mbaineann sa tír onnmhairithe, beidh sé níos lú ná an corrlach dumpála más leor dleacht níos lú chun deireadh a chur le díobháil do thionscal an Aontais.'

5. Leasaítear Airteagal 11 mar seo a leanas:

(a) i mír 5, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Má théann an beart in éag tar éis imscrúdú a dhéanamh de bhun mhír 2, déanfar aon dleacht a bailíodh ó dháta tionscnaimh an imscrúdaithe sin a aisíoc ar choinníoll go n-iarrtar sin ar na húdaráis náisiúnta custaim agus go ndeonaíonn na húdaráis sin i gcomhréir le reachtaíocht custaim an Aontais is infheidhme maidir le haisíocaíocht agus loghadh dleachtanna. Ní íocfaidh na húdaráis náisiúnta custaim lena mbaineann ús mar thoradh ar an aisíocaíocht sin.'

(a) scriostar mír 9.

6. Leasaítear Airteagal 13 mar seo a leanas:

(a) i mír (3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara habairte:

'Déanfar imscrúdú a thionscnamh, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairliúcháin, le Rialachán ón gCoimisiún lena dtabharfar treoir do na húdaráis chustaim freisin allmhairí a chur faoi réir a gcláraithe i gcomhréir le hAirteagal 14(5) nó ráthaíochtaí a iarraidh.'

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fomhíre:

'Ní bheidh allmhairí faoi réir clárú de bhun Airteagal 14(5) ná faoi réir beart i gcás ina bhfuil siad á dtrádáil ag cuideachtaí a bhaineann tairbhe as díolúintí. Déanfar iarrataí ar dhíolúintí a bhfuil fianaise leo a chur isteach laistigh de na teorainneacha ama arna mbunú sa rialachán ón gCoimisiún lena dtionscnaítear an t-imscrúdú. I gcás ina dtarlaíonn an cleachtas, próiseas nó obair imchéimnithe lasmuigh den Aontas, féadfar díolúintí a dheonú ar tháirgeoirí an táirge lena mbaineann nach bhfuil páirteach sna cleachtais imchéimnithe mar atá sainmhínithe i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo. I gcás ina dtarlaíonn an cleachtas, próiseas nó obair imchéimnithe laistigh den Aontas, féadfar díolúintí a dheonú ar allmhaireoirí a léiríonn nach bhfuil siad páirteach sna cleachtais imchéimnithe mar atá sainmhínithe i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo.'

7. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17(1):

‘1. I gcásanna ina bhfuil líon mór táirgeoirí, onnmhaireoirí nó allmhaireoirí an Aontais, cineálacha táirgí nó idirbheart ann, féadfar an t-imscrúdú a theorannú do líon réasúnta páirtithe, táirgí nó idirbheart trí úsáid a bhaint as samplaí atá bailí ó thaobh staitisticí ar bhonn faisnéise atá ar fáil tráth an roghnaithe, nó a theorannú don líon ionadaíoch is mó táirgthe, díolachán nó onnmhairí is féidir a imscrúdú go réasúnta laistigh den mhéid ama atá ar fáil.’

8. Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas i ndiaidh Airteagal 19:

'Airteagal 19a

Faisnéis faoi bhearta sealadacha

1. Féadfaidh táirgeoirí, allmhaireoirí agus onnmhaireoirí an Aontais agus a gcomhlachais ionadaíocha, agus ionadaithe ón tír onnmhairithe, faisnéis faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha a iarraidh. Déanfar iarrataí ar an bhfaisnéis sin i scríbhinn laistigh den teorainn ama atá forordaithe san fhógra tionscnaimh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na páirtithe sin coicís ar a laghad roimh dhul in éag an spriocdháta atá luaite in Airteagal 7(1) d’fhorchur na ndleachtanna sealadacha. Áireofar ar an bhfaisnéis sin:

(a) achoimre ar na bearta atá beartaithe chun críocha faisnéise amháin, agus

(b) sonraí faoi ríomh an chorrlaigh dumpála agus an chorrlaigh atá leordhóthanach chun deireadh a chur le díobháil do thionscail an Aontais, ag féachaint don riachtanas a bhaineann leis na hoibleagáidí rúndachta atá luaite in Airteagal 19 a urramú. Beidh tréimhse trí lá oibre ag páirtithe chun tuairimí a sholáthar maidir le beachtas na ríomhanna.

2. Nuair nach bhfuil sé beartaithe dleachtanna sealadacha a fhorchur ach leanúint leis an imscrúdú, cuirfear neamh-fhorchur na ndleachtanna in iúl do pháirtithe leasmhara

coicís roimh dhul in éag an spriocdháta atá luaite in Airteagal 7(1) d'fhorchur na ndleachtanna sealadacha.'

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21(2):

'2. D'fhonn bunús fónta a sholáthar a chuireann ar chumas na n-údarás na dearcthaí ar fad agus an fhaisnéis ar fad a chur san áireamh sa chinneadh maidir le cibé a bhfuil nó nach bhfuil forchur na mbeart chun leasa an Aontais, féadfaidh táirgeoirí, allmhaireoirí agus comhlachais ionadaíocha an Aontais, úsáideoirí ionadaíocha agus eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí, laistigh de na teorainneacha ama atá sonraithe i bhfógra tionscnaimh an imscrúdaithe frithdhumpála, iad féin a chur in iúl agus faisnéis a sholáthar don Choimisiún. Cuirfear an fhaisnéis sin, nó achoimrí oiriúnacha di, ar fáil do na páirtithe eile atá sonraithe san Airteagal seo, agus beidh siad i dteideal freagairt a thabhairt ar an bhfaisnéis sin.'

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 mar seo a leanas:

1. In Airteagal 9(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal tosaigh:

'1. Chun críocha an Rialacháin seo, déanfar an téarma 'tionscal an Aontais' a léirmhíniú mar théarma a thagraíonn do tháirgeoirí táirgí cosúil an Aontais nó do na táirgeoirí sin arb ionann aschur comhchoiteann a dtáirgí agus céatadán suntasach de tháirgeadh iomlán an Aontais de na táirgí sin, ach amháin:'

2. Cuirtear mír nua le hAirteagal 11:

'11. Tá dualgas ar tháirgeoirí táirge cosúil an Aontais comhoibriú in imeachtaí arna dtionscnamh de bhun Airteagal 10(8).'

3. Leasaítear Airteagal 12(1) mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 3:

'Ní rachaidh méid na dleachta frithchúitimh shealadaigh thar méid iomlán na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe arna bhunú go sealadach.'

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis an deireadh:

'Ní dhéanfar dleachtanna sealadacha a chur i bhfeidhm laistigh de thréimhse coicíse i ndiaidh na faisnéise a sheoladh chuig páirtithe leasmhara faoi Airteagal 29b. Beidh soláthar na faisnéise sin gan dochar d'aon chinneadh a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh ina dhiaidh sin .'

4. In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Glacfar leis go mbeidh méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe *de minimis* má tá an méid sin níos lú ná 1% *ad valorem*, ach amháin i gcás, maidir leis na himscrúduithe a bhaineann le hallmhairí ó thíortha i mbéal forbartha, ina mbeidh an tairseach *de minimis* cothrom le 2% *ad valorem*.'

5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deireanaí d'Airteagal 15(1):

'Ní rachaidh méid na dleachta frithchúitimh thar méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe arna bhunú.'

6. Leasaítear Airteagal 22 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Más rud é, tar éis imscrúdaithe arna dhéanamh de bhua Airteagal 18, go dtéann an beart in éag, déanfar aon dleachtanna arna mbailiú i ndiaidh dáta tionscnaimh an imscrúdaithe sin a aisíoc. Ba cheart an aisíocaíocht a iarraidh ó na húdaráis náisiúnta custaim i gcomhréir le reachtaíocht custaim an Aontais is infheidhme.'

(a) scriostar mír 6.

7. Leasaítear Airteagal 23 mar seo a leanas:

(a) sa dara habairt de mhír 4, cuirfear "Déanfar imscrúduithe a thionscnamh" in ionad "Féadfar imscrúduithe a thioscnamh".

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'I gcás ina dtarlaíonn an cleachtas, próiseas nó obair imchéimnithe lasmuigh den Aontas, féadfar díolúintí a dheonú ar tháirgeoirí an táirge lena mbaineann nach bhfuil páirteach sna cleachtais imchéimnithe mar atá sainmhínithe i mír 3.'

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'I gcás ina dtarlaíonn an cleachtas, próiseas nó obair imchéimnithe laistigh den Aontas, féadfar díolúintí a dheonú ar allmhaireoirí a léiríonn nach bhfuil siad páirteach sna cleachtais imchéimnithe mar atá sainmhínithe i mír 3.'

8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 27(1):

‘1. I gcásanna ina bhfuil líon mór táirgeoirí, onnmhaireoirí nó allmhaireoirí an Aontais, cineálacha táirgí nó idirbheart ann, d’fhéadfaí go mbeadh an t-imscrúdú teoranta do:’

9. Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas i ndiaidh Airteagal 29:

'Airteagal 29b

Faisnéis faoi bhearta sealadacha

1. Féadfaidh táirgeoirí, allmhaireoirí agus onnmhaireoirí an Aontais agus a gcomhlachais ionadaíocha, agus an tír thionscnaimh agus/nó onnmhairithe, faisnéis faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha a iarraidh. Déanfar iarrataí ar an bhfaisnéis sin i scríbhinn laistigh den teorainn ama atá forordaithe san fhógra tionscnaimh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na páirtithe sin coicís ar a laghad roimh dhul in éag an spriocdháta atá luaite in Airteagal 12(1) d’fhorchur na ndleachtanna sealadacha.

Áireofar ar an bhfaisnéis sin:

(a) achoimre ar na bearta atá beartaithe chun críocha faisnéise amháin, agus

(b) sonraí faoi ríomh an chorrlaigh fóirdheontais agus an chorrlaigh atá leordhóthanach chun deireadh a chur le díobháil do thionscail an Aontais, ag féachaint don riachtanas a bhaineann leis na hoibleagáidí rúndachta atá luaite in Airteagal 29 a urramú. Beidh tréimhse trí lá oibre ag páirtithe chun tuairimí a sholáthar maidir le beachtas na ríomhanna.

2. Nuair nach bhfuil sé beartaithe dleachtanna sealadacha a fhorchur ach leanúint leis an imscrúdú, cuirfear neamh-fhorchur na ndleachtanna in iúl do pháirtithe leasmhara coicís roimh dhul in éag an spriocdháta atá luaite in Airteagal 12(1) d’fhorchur na ndleachtanna sealadacha.'

10. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31(2):

'2. D’fhonn bunús fónta a sholáthar a chuireann ar chumas na n-údarás na dearcthaí ar fad agus an fhaisnéis ar fad a chur san áireamh sa chinneadh maidir le cibé a bhfuil nó nach bhfuil forchur na mbeart chun leasa an Aontais, féadfaidh táirgeoirí, allmhaireoirí agus comhlachais ionadaíocha an Aontais, úsáideoirí ionadaíocha agus eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí, laistigh de na teorainneacha ama atá sonraithe i bhfógra tionscanta an imscrúdaithe frithchúitimh, iad féin a chur in iúl agus faisnéis a sholáthar don Choimisiún. Cuirfear an fhaisnéis sin, nó achoimrí oiriúnacha di, ar fáil do na páirtithe eile atá sonraithe sa mhír seo, agus beidh siad i dteideal freagairt a thabhairt ar an bhfaisnéis sin.'

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na himscrúduithe ar fad ar foilsíodh fógra tionscnaimh ina leith san *Iris Oifigiúil* de bhun Airteagal 10(11) de Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 nó Airteagal 5(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009, tar éis dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS SIMPLITHE

(le húsáid i ndáil le haon Rialachán inmheánach ón gCoimisiún a bhfuil suntas ginearálta ag baint leis agus a bhfuil tionchar buiséadach aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin nó ar acmhainní daonna, nuair nach bhfuil sé iomchuí úsáid a bhaint as ráiteas airgeadais de chineál ar bith eile – Airteagal 23 de na Rialacha Inmheánacha)

1 Teideal an dréacht-Rialacháin:

Nuachóiriú na n-ionstraimí cosanta trádála

2 Réimsí beartais agus gníomhaíochtaí ABB lena mbaineann:

20: Beartas trádála

3 Bunús dlí:

☐ Neamhspleáchas riaracháin ☑ Eile (sonraigh):

Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad agus

Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad

4 Cur síos agus foras:

Tá ionstraimí cosanta trádála reatha an AE á nuachóiriú d'fhonn a gcuid éifeachtachta agus éifeachtúlachta a fheabhsú. Is éard atá sa tionscnamh seo ná cumarsáid, togra reachtach agus treoirlínte.

5 An fad agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ann:

5.1 Tréimhse iarratais:

☐ Rialachán a bhfuil fad teoranta luaite leis: Rialachán atá i bhfeidhm ón [dáta] go [dáta]

☑ Rialachán a bhfuil fad éiginnte luaite leis: i bhfeidhm ón [dáta]

5.2 An tionchar buiséadach a mheastar a bheith ann:

Cuimsíonn an dréacht-Rialachán:

☐ coigiltis

☑ costais bhreise (más ann dóibh, sonraigh ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil lena mbaineann):

Teideal 5: costais riaracháin

Cuir i gcrích an tábla an tionchair airgeadais a mheastar san iarscríbhinn a bhaineann leis na leithreasuithe de chineál riaracháin nó le hacmhainní daonna. Más amhlaidh go bhfuil fad éiginnte luaite leis an dréacht-Rialachán, ní mór na costais a bhaineann le gach bliain forbartha a chur in iúl agus na costais a bhaineann le gach bliain ina bhfuil cumas oibriúcháin iomlán (sa cholún dar teideal "Iomlán/costas bliantúil").

5.3 Ranníocaíochtaí tríú páirtí leis an dréacht-Rialachán a mhaoiniú:

Má dhéantar foráil sa togra maidir le cómhaoiniú Ballstát nó comhlachtaí eile (sonraigh cibé acu, le do thoil), ba cheart duit meastachán den leibhéal cómhaoinithe a thabhairt, más eol é.

leithreasuithe in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain **n**	Bliain **n+1**	Bliain **n+2**	Bliain **n+3**	Bliain **n+4**	Bliain **n+5**	Bliain **n+6**	Iomlán
Sonraigh foinse/comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe								

5.4 Míniúchán ar fhigiúirí:

Tá na meánchostais foirne luaite ag bun an leathanaigh http://www.cc.cec/budg/pre/legalbasis/pre-040-020_preparation_en.html

6 Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha:

☑ Tá an togra comhoiriúnach don chlár airgeadais reatha.

☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil san áireamh sa togra.

☐ Éilíonn an togra úsáid a bhaint as an ionstraim sholúbthachta nó as athbhreithniú an chreata airgeadais ilbhliantúil[3].

7 Tionchar coigiltis nó costas breise ar leithdháileadh acmhainní:

☑ Acmhainní le fáil trí ath-imlonnú inmheánach laistigh de ranna

☐ Acmhainní atá leithdháilte cheana féin ar na ranna lena mbaineann

☐ Acmhainní le hiarraidh i rith an chéad nós imeachta leithdháilte eile

Cumhdófar na hacmhainní daonna agus riaracháin a theastaíonn sa leithdháileadh a fhéadfar a dheonú ar an AS bainistíochta faoin nós imeachta leithdháilte bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha atá ann cheana.

[3] Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

IARSCRÍBHINN:

TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH ANN (coigiltis nó costais bhreise) LE hAGHAIDH LEITHREASUITHE DE CHINEÁL RIARACHÁIN NÓ LE hAGHAIDH ACMHAINNÍ DAONNA

FTE=Coibhéis lánaimseartha Is é XX an réimse beartais nó an teideal lena mbaineann EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

FTE i ndaoine/i mblianta	Bliain **n**		Bliain **n+1**		Bliain **n+2**		Bliain **n+3**		Bliain **n+4**	
Teideal 5	FTE	leithr.	FTE	leithr.	FTE	leithr.	FTE	leithr.	FTE	leithr.
Poist an phlean bunaíochta (oifigigh agus/nó foireann sealadach)										
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	**1**	0,13	1	0,13	1	0,13	1	0,13	1	0,13
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)										
Foireann seachtrach										
XX 01 02 01 (‘clúdach iomlánaíoch’)										
XX 01 02 02 (Toscaireachtaí)										
Línte buiséid eile (sonraigh)										
Fo-iomlán – Teideal 5										
Lasmuigh de Theideal 5										
Poist an phlean bunaíochta (oifigigh agus/nó foireann sealadach)										
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)										
10 01 05 01 (Taighde díreach)										
Foireann seachtrach										
XX 01 04 **yy**										
- Ceanncheathrú										
- Toscaireachtaí										
XX 01 05 02 (Taighde indíreach)										
10 01 05 02 (Taighde díreach)										
Línte buiséid eile (sonraigh)										
Fo-iomlán – Lasmuigh de Theideal 5										
IOMLÁN										

Cumhdófar na hacmhainní daonna agus riaracháin a theastaíonn sa leithdháileadh a fhéadfar a dheonú ar an AS bainistíochta faoin nós imeachta leithdháilte bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha atá ann cheana.

Leithreasuithe riaracháin eile Is é XX an réimse beartais nó an teideal lena mbaineannEUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **n**	Bliain **n+1**	Bliain **n+2**	Bliain **n+3**	Bliain **n+4**
Teideal 5					
Ceanncheathrú:					
XX 01 02 11 01 – Misean agus costais ionadaíochta					
XX 01 02 11 02 – Costais chomhdhála agus cruinnithe					
XX 01 02 11 03 - Coistí					
XX 01 02 11 04 – Staidéir agus comhairliúcháin					
XX 01 03 01 03 – Trealamh agus troscán					
XX 01 03 01 04 – Seirbhísí agus caiteachas oibríochta eile					
Línte buiséid eile (sonraigh nuair is cuí)					
Toscaireachtaí:					
XX 01 02 12 01 – Misin, comhdhálacha agus costais ionadaíochta					
XX 01 02 12 02 – Breis oiliúint foirne					
XX 01 03 02 01 - Éadáil, ligean ar cíos agus caiteachas gaolmhar					
XX 01 03 02 02 Trealamh, troscán, soláthairtí agus seirbhísí					
Fo-iomlán – Teideal 5					
Lasmuigh de Theideal 5					
XX 01 04 **yy** – Caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin (gan foireann seachtrach san áireamh) ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochta (seanlínte "BA")					
- Ceanncheathrú					
- Toscaireachtaí					
XX 01 05 03 – Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde indíreach					
10 01 05 03 – Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde díreach					
Línte buiséid eile (sonraigh nuair is cuí)					
Fo-iomlán – Lasmuigh de Theideal 5					
MÓRIOMLÁN					

Cumhdófar na hacmhainní daonna agus riaracháin a theastaíonn sa leithdháileadh a fhéadfar a dheonú ar an AS bainistíochta faoin nós imeachta leithdháilte bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha atá ann cheana.